# I

*(Gníomhartha arna mbunú ar Chonarthaí CE/CEFA a bhfuil a bhfoilsiú éigeantach)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (CE) UIMH. 1445/2007 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**an 11 Nollaig 2007**

**lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna le haghaidh faisnéis bhunúsach a sholáthar maidir le Paireachtaí Cumhachta Ceannaigh agus le haghaidh na Paireachtaí sin a ríomh agus a scaipeadh**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 285(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh [2],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Chun comparáid dhíreach a dhéanamh idir an Olltáirgeacht Intíre (OTI) i dtéarmaí toirte idir Bhallstáit, tá sé riachtanach go mbeadh Paireachtaí Cumhachta Ceannaigh (dá ngairfear ‘PCCanna’ anseo feasta) ag an gComhphobal a dhíchuirfeadh na difríochtaí i leibhéal na bpraghsanna ó Bhallstát go Ballstát.

(2) Caithfear PCCanna an Chomhphobail a ullmhú i gcomhréir le modheolaíocht chomhchuibhithe, a bheidh ag luí le Rialachán (CE) Uimh. 2223/96 ón gComhairle an 25 Meitheamh 1996 maidir leis an gcóras Eorpach um chuntais náisiúnta agus réigiúnacha sa Chomhphobal [3] lena leagtar síos creat chun cuntais náisiúnta sna Ballstáit a chur le chéile.

(3) Moltar do Bhallstáit sonraí a chur ar fáil do PCCanna réigiúnacha.

(4) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle an 11 Iúil 2006 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe [4] gurb iad na réigiúin a bheidh i dteideal maoinithe ó na Cistí Struchtúracha faoin gcuspóir cóineasaithe na réigiúin a fhreagraíonn do leibhéal 2 in aicmiú comhchoiteann aonad críche le haghaidh staidrimh de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú aonad críche ar son staidrimh a bhunú (NUTS) [5]. Is lú OTI per capita na réigiún sin, arna meas i bPCCanna agus arna ríomh ar bhonn na bhfigiúirí Comhphobail don tréimhse 2000 go 2002, ná 75 % de mheán-OTI na nAE-25 don tréimhse tagartha chéanna. Mura bhfuil PCCanna réigiúnacha ar fáil, ba chóir PCCanna náisiúnta a úsáid chun liosta a bhunú de na réigiúin a d'fhéadfadh tairbhiú de na Cistí Struchtúracha. Is féidir PCCanna náisiúnta a úsáid freisin chun suim na gcistí a leithdháilfear ar gach réigiún a chinneadh.

(5) Foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 gurb iad na Ballstáit a bheidh incháilithe le haghaidh maoinithe ón gCiste Comhtháthaithe na Ballstáit sin ar lú ná 90 % de mheán-OII na nAE-25 a n- ollioncam intíre (OII) per capita arna mheas de réir PCCanna agus arna ríomh ar bhonn na bhfigiúirí Comhphobail don tréimhse 2001 go 2003 agus a bhfuil clár leagtha amach acu chun na coinníollacha cóineasaithe eacnamaíoch dá dtagraítear in Airteagal 104 den Chonradh a chomhlíonadh.

---

(1) IO C 318, 23.12.2006, lch. 45.

(2) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 26 Aibreán 2007 (gan foilsiú fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 13 Samhain 2007.

(3) IO L 310, 30.11.1996, lch. 1. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1267/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 180, 18.7.2003, lch. 1).

(4) IO L 210, 31.7.2006, lch. 25. Rialachán arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1989/2006 (IO L 411, 30.12.2006, lch. 6).

(5) IO L 154, 21.6.2003, lch. 1. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 105/2007 ón gCoimisiún (IO L 39, 10.2.2007, lch. 1.).

(6) Foráiltear le hAirteagal 1 d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialacháin Foirne oifigigh na gComhphobal Eorpach, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 [1], (dá ngairfear 'Rialacháin Foirne' anseo feasta) go ndéanfaidh an Coimisiún (Eurostat), chun críocha an athbhreithnithe dá bhforáiltear in Airteagal 65(1) de na Rialacháin Foirne, tuarascáil a tharraingt suas gach bliain roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair, maidir le hathruithe ar an gcostas maireachtála sa Bhruiséil, ar na paireachtaí eacnamaíocha idir an Bhruiséil agus áiteanna áirithe sna Ballstáit, agus ar athruithe i gcumhacht ceannaigh tuarastal sna státseirbhísí náisiúnta sa rialtas láir.

(7) Tá faisnéis bhunúsach maidir le PCCanna á bailiú cheana gach bliain ag an gCoimisiún (Eurostat) ó na Ballstáit ar bhonn deonach. Is cleachtas bunaithe an oibríocht sin sna Ballstáit anois. Tá gá, áfach, le creat dlíthiúil chun forbairt, ullmhú agus scaipeadh inmharthana PCCanna a áirithiú.

(8) Ba cheart go leanfaí de réamhthorthaí a sholáthar ar bhonn rialta, mar a dhéantar faoi láthair, chun go mbeadh na figiúirí is deireanaí ar fáil.

(9) Ba chóir na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún [2].

(10) Ba chóir, go háirithe, go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún na sainmhínithe a chur in oiriúint, na bun-cheannteidil in Iarscríbhinn II a choigeartú agus critéir cháilíochta a shainiú. Ó tharla go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur ceapadh iad le heilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, nó lena fhorlíonadh trí eilimintí nua neamhriachtanacha a chur leis, caithfear iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus a leagtar síos in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

(11) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon rialacha comhchoiteanna a bhunú chun faisnéis bhunúsach a sholáthar maidir le paireachtaí cumhachta ceannaigh agus maidir lena ríomh agus lena scaipeadh, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr dá bhrí sin is féidir iad a bhaint amach ag leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh é. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

(12) Chuathas i gcomhairle leis an gCoiste um an gClár Staidrimh, arna bhunú le Cinneadh 89/382/CEE ón gComhairle, Euratom [3], i gcomhréir le hAirteagal 3 den Chinneadh sin,

[1] IO L 56, 4.3.1968, lch. 1. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1895/2006 (IO L 397, 30.12.2006, lch. 6).

[2] IO L 184, 17.7.1999, lch. 23. Cinneadh arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2006, lch. 11).

[3] IO L 181, 28.6.1989, lch. 47.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Cuspóir**

Is é cuspóir an Rialacháin seo rialacha comhchoiteanna a bhunú chun faisnéis bhunúsach a sholáthar maidir le PCCanna, agus chun na PCCanna a ríomh agus a scaipeadh.

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

1. Is é an fhaisnéis bhunúsach a sholáthrófar na sonraí sin is gá chun na PCCanna a ríomh agus chun a gcáilíocht a áirithiú.

Cuimseoidh an fhaisnéis bhunúsach sin praghsanna, ualuithe ar chaiteachas OTI agus sonraí eile a liostaítear in Iarscríbhinn I.

Baileofar sonraí ar bhonn na híosmhinicíochta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I. Ní dhéanfar sonraí a bhailiú níos minice ná sin seachas i gcás ina mbeidh cúinsí eisceachtúla ann agus údar maith leo.

2. Ríomhfar na PCCanna ó mheánphraghsanna bliantúla náisiúnta earraí agus seirbhísí, ag úsáid faisnéis bhunúsach a bhaineann le críoch eacnamaíoch na mBallstát faoi mar a fhoráiltear sa chóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach sa Chomhphobal (dá ngairfear 'CEC 95' anseo feasta).

3. Ríomhfar na PCCanna i gcomhréir leis na bun-cheannteidil mar a liostaítear in Iarscríbhinn II iad, de réir na n-aicmí OTI gaolmhara a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 2223/96.

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críche an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) Ciallóidh 'Paireachtaí Cumhachta Ceannaigh' ('PCCanna') díbhoilsceoirí spáis agus tiontairí airgeadra, a dhíchuireann éifeachtaí na ndifríochtaí i leibhéil praghsanna ó Bhallstát go Ballstát, rud a fhágann gur féidir comparáidí toirte a dhéanamh ó thaobh comhábhar OTI de agus comparáidí ó thaobh leibhéal praghsanna de.

(b) Ciallóidh 'Caighdeán Cumhachta Ceannaigh' ('CCC') an comhaonad saorga airgeadra tagartha a mbaintear úsáid as san Aontas Eorpach chun toirt na gcomhiomlán eacnamaíoch a chur in iúl chun críche comparáidí spáis ar bhealach a dhíchuireann difríochtaí i leibhéil praghsanna ó Bhallstát go Ballstát.

(c) Ciallóidh 'praghsanna' na praghsanna ceannaitheora arna íoc ag na tomhaltóirí deiridh.

(d) Ciallóidh 'ualuithe caiteachais' cionta na gcomhábhar caiteachais in OTI na bpraghsanna reatha.

(e) Ciallóidh 'bun-cheannteideal' an leibhéal comhiomlánaithe is ísle d'ítimí sa mhiondealú OTI a ndéantar paireachtaí a ríomh dó.

(f) Ciallóidh 'ítimí' earraí nó seirbhísí a shainmhínítear go beacht chun críocha breathnóireacht a dhéanamh ar phraghsanna.

(g) Is é an bhrí a bheidh ag 'cíosanna iarbhír agus cíosanna barúlacha' an bhrí a thugtar dó i Rialachán (CE) Uimh. 1722/2005 ón gCoimisiún [1].

(h) Is é an bhrí a bheidh ag 'luach saothair fostaithe' an bhrí a thugtar dó i Rialachán (CE) Uimh. 2223/96.

(i) Ciallóidh 'fachtóirí coigeartaithe ama' fachtóirí a úsáidtear chun meánphraghsanna a fhaightear ag an am a ndéantar an suirbhé a choigeartú de réir meánphraghsanna bliantúla.

(j) Ciallóidh 'fachtóirí coigeartaithe spáis' fachtóirí a úsáidtear chun meánphraghsanna a fhaightear i suíomh nó i suímh laistigh de chríoch eacnamaíoch Ballstáit a choigeartú de réir meánphraghsanna náisiúnta.

(k) Ciallóidh 'ítimí ionadaíocha' ítimí atá, nó a meastar a bheith, ar na n-ítimí is tábhachtaí a cheannaítear i margaí náisiúnta, i dtéarmaí caiteachais iomláin choibhneasta laistigh de bhun-cheannteideal.

(l) Ciallóidh 'táscairí ionadaíochta' marcóirí nó táscairí eile a léiríonn na hítimí a roghnaigh Ballstáit mar ítimí ionadaíocha.

(m) Ciallóidh 'comhionadaíocht' airí a éilítear ar chomhdhéanamh liosta na n-ítimí do bhun-cheannteideal, agus é de chumas ag gach Ballstát praghsáil a dhéanamh ar líon na dtáirgí ionadaíocha sin a bheidh i gcomhréir le hilchineálacht na dtáirgí agus na leibhéal praghsanna a fholaítear leis an mbun-cheannteideal agus i gcomhréir lena caiteachas ar an mbun-cheannteideal.

(n) Ciallóidh 'aistreach' an t-airí faoinar ionann an toradh a fhaightear le comparáid dhíreach idir aon dá Bhallstát agus toradh comparáide neamhdhírí via aon Bhallstát eile.

(o) Ciallóidh 'earráid' úsáid faisnéise bunúsaí atá mícheart nó cur i bhfeidhm míchuí den nós imeachta um ríomh.

(p) Ciallóidh 'bliain tagartha' bliain féilire dá dtagraíonn torthaí bliantúla sonracha.

(q) Ciallóidh 'seastacht' nuair a chéadríomhtar torthaí do ghrúpa Ballstát agus go ríomhtar na torthaí ina dhiaidh sin do ghrúpa Ballstát níos leithne, fós féin go gcaomhnófar na PCCanna idir an bunghrúpa Ballstát.

*Airteagal 4*

**Róil agus freagrachtaí**

1. Beidh an Coimisiún (Eurostat) freagrach as na nithe seo a leanas:

(a) comhordú a dhéanamh ar sholáthar na faisnéise bunúsaí;

(b) PCCanna a ríomh agus a fhoilsiú;

(c) cáilíocht PCCanna a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 7;

(d) modheolaíocht a fhorbairt agus a chur in iúl, i gcomhairle leis na Ballstáit;

(e) a áirithiú go mbeidh deis ag na Ballstáit tuairimí a nochtadh maidir le torthaí PCCanna sula bhfoilseofar iad agus go gcuirfear aon tuairimí den sórt sin san áireamh dá réir; agus

(f) an lámhleabhar modheolaíochta dá dtagraítear i bpointe 1.1 d'Iarscríbhinn I a dhréachtú agus a scaipeadh.

2. Nuair a bheidh faisnéis bhunúsach á cur ar fáil acu, cloífidh na Ballstáit leis an nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Ach próiseas bailíochtaithe na sonraí a bheith críochnaithe, soláthróidh na Ballstáit formheas i scríbhinn do na torthaí suirbhé a bhfuil siad freagrach astu, mar a shonraítear i bpointe 5.2 d'Iarscríbhinn I, laistigh de thréimhse nach faide ná aon mhí amháin.

Formheasfaidh na Ballstáit modheolaíocht bailithe na sonraí agus seiceálfaidh siad bailíocht na sonraí, lena n-áirítear ítimí faisnéise bunúsaí arna cur ar fáil ag an gCoimisiún (Eurostat) ar fáil.

*Airteagal 5*

**Tarchur faisnéise bunúsaí**

1. Tarchuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis bhunúsach a liostaítear in Iarscríbhinn I chuig an gCoimisiún (Eurostat) i gcomhréir leis na forálacha Comhphobail atá ann cheana féin maidir le sonraí a tharchur.

2. Tarchuirfear an fhaisnéis bhunúsach a liostaítear in Iarscríbhinn I san fhormáid theicniúil agus laistigh de na tréimhsí ama a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

3. I gcásanna ina soláthróidh an Coimisiún (Eurostat) ítimí faisnéise bunúsaí do Bhallstáit, tarchuirfidh an Coimisiún ráiteas modha chun a chur ar chumas na mBallstát seiceáil dealraitheachta a sheoladh.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1722/2005 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2005 maidir leis na prionsabail a bhaineann le seirbhísí teaghaise a mheas chun críche Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh (IO L 276, 21.10.2005, lch. 5).

*Airteagal 6*

**Aonaid staidrimh**

1. Gheofar an fhaisnéis bhunúsach a liostaítear in Iarscríbhinn I ó aonaid staidrimh faoi mar a shainmhínítear i Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle ([1]) iad nó ó fhoinsí eile a chuireann sonraí ar fáil a chomhallann na ceanglais cháilíochta a shonraítear i bpointe 5.1 d'Iarscríbhinn I. Cuirfidh gach Ballstát cineál an aonaid staidrimh nó cinéal na foinse staidrimh in iúl don Choimisiún tráth a mbeidh na sonraí á dtarchur acu.

2. Na haonaid staidrimh a mbaineann na Ballstáit úsáid astu chun sonraí a sholáthar nó chun comhoibriú i mbailiú sonraí, is aonaid iad trína bhféadfar monatóireacht a dhéanamh ar na praghsanna iarbhír a ghearrtar agus a sholáthróidh faisnéis ionraic, iomlán ag an am a n-iarrtar í.

*Airteagal 7*

**Critéir cháilíochta agus rialú cáilíochta**

1. Bunóidh an Coimisiún (Eurostat) agus na Ballstáit córas rialaithe cáilíochta a bheidh bunaithe ar thuarascálacha agus ar mheasúnaithe mar a shonraítear faoi phointe 5.3 d'Iarscríbhinn I.

2. Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis uile is gá ar fáil don Choimisiún (Eurostat) chun meastóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na faisnéise bunúsaí a liostaítear in Iarscríbhinn I.

Cuirfidh Ballstáit ar fáil don Choimisiún freisin sonraí maidir le haon athruithe a dhéantar ina dhiaidh sin ar na modhanna a úsáidtear nó maidir le haon imeacht a dhéantar ón lámhleabhar modheolaíochta a shonraítear in Iarscríbhinn I, mar aon leis na cúiseanna leo sin.

3. Cuirfidh na Ballstáit tuarascálacha cáilíochta maidir leis na suirbhéanna a bhfuil siad freagrach astu ar fáil don Choimisiún (Eurostat), mar a shonraítear i Roinn 5 d'Iarscríbhinn I.

4. Leagfar síos na critéir chomhchoiteanna ar a mbeidh an rialú cáilíochta bunaithe agus struchtúr na dtuarascálacha cáilíochta, mar a shonraítear faoi phointe 5.3 d'Iarscríbhinn I iad, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus a shonraítear in Airteagal 11(3).

*Airteagal 8*

**Tréimhsiúlacht**

Ríomhfaidh an Coimisiún (Eurostat) PCCanna i ndáil le gach bliain féilire.

*Airteagal 9*

**Scaipeadh**

1. Foilseoidh an Coimisiún (Eurostat) na torthaí bliantúla críochnaitheacha tráth nach déanaí ná 36 mí tar éis dheireadh na bliana tagartha.

Déanfar amhlaidh bunaithe ar shonraí a bheidh ar fáil don Choimisiún (Eurostat) tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dháta an fhoilsithe.

Ní dhéanfaidh aon ní sa mhír seo difear do cheart an Choimisiúin (Eurostat) réamhthorthaí a fhoilsiú níos luaithe ná 36 mí tar éis dheireadh na bliana tagartha agus cuirfidh an Coimisiún (Eurostat) na torthaí sin ar fáil go poiblí, lena n-áirítear ar a láithreán gréasáin.

2. Cuimseofar an méid seo a leanas, ar a laghad, sna torthaí a fhoilseoidh an Coimisiún (Eurostat) ar leibhéal comhiomlánaithe do gach Ballstát:

(a) PCCanna ar leibhéal OTI;

(b) PCCanna do chaiteachas ar thomhaltas teaghlach príobháideach agus tomhaltas aonair iarbhír;

(c) innéacsanna leibhéal na bpraghsanna i gcoibhneas leis an meán Comhphobail; agus

(d) OTI, caiteachas ar thomhaltas teaghlach príobháideach agus tomhaltas aonair iarbhír agus figiúirí per capita faoi seach i CCC.

3. Má ríomhtar torthaí do ghrúpa is mó tíortha, fós féin caomhnófar PCCanna na mBallstát, ar mhaithe le prionsabal na seastachta.

4. De ghnáth, ní choigeartófar na PCCanna críochnaitheacha a fhoilseofar.

I gcás earráidí a thagann faoi raon feidhme Roinn 10 d'Iarscríbhinn 1, áfach, foilseofar torthaí ceartaithe i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos sa Roinn sin.

Féadfar athbhreithnithe ginearálta eisceachtúla a dhéanamh má thagann athrú de níos mó ná pointe céatadáin amháin ar innéacs toirte OTI aon Bhallstáit de bharr athruithe ar na coincheapa ar a bhfuil CEC 95 fothaithe agus a dhéanann difear do thorthaí PCC.

*Airteagal 10*

**Comhéifeachtaí ceartúcháin**

Ní chuirfear de cheanglas ar na Ballstáit tabhairt faoi shuirbhéanna nach mbeidh de chríoch acu ach na comhéifeachtaí ceartúcháin a bhunú a bheidh le cur i bhfeidhm ar luach saothair agus ar phinsin oifigeach Comhphobail agus seirbhíseach Comhphobail eile i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne.

*Airteagal 11*

**An nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste um an gClár Staidrimh cúnamh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 agus Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Trí mhí a bheidh sa tréimhse a leagtar síos in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 696/93 ón gComhairle an 15 Márta 1993 maidir le haonaid staidrimh chun breathnú ar an gcóras táirgeachta sa Chomhphobal agus anailís a dhéanamh air (IO L 76, 30.3.1993, lch. 1). Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

*Airteagal 12*

**Bearta cur chun feidhme**

1. Déanfar na bearta is gá chun forálacha an Rialacháin seo a chur chun feidhme, lena n-áirítear bearta chun athruithe eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh, a ghlacadh, sa mhéid nach mbeidh méadú díréireach sna costais do na Ballstáit i gceist leis sin, mar a leagtar síos i mír 2 agus i mír 3.

2. Glacfar na bearta seo a leanas atá riachtanach chun an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2):

(a) sraith caighdeán íosta a shainiú d'fhonn inchomparáideacht riachtanach agus ionadaíocht riachtanach na sonraí a bhaint amach mar a shonraítear faoi phointe 5.1 agus faoi phointe 5.2 d'Iarscríbhinn I;

(b) ceanglais bheachta a shainiú maidir leis an modheolaíocht a úsáidfear mar a shonraítear in Iarscríbhinn I; agus

(c) tuairiscí mionsonraithe a bhunú agus a choigeartú maidir le hinneachar na mbun-cheannteideal, ar choinníoll go mbeidh na bun-cheannteidil sin fós comhoiriúnach le CEC 95 nó le haon chóras a thiocfaidh ina ionad.

3. Na bearta seo a leanas a ceapadh chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, lena n-áirítear trína bhforlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 11(3):

(a) na sainmhínithe a chur in oiriúint;

(b) an liosta bun-cheannteideal a choigeartú (mar a shonraítear in Iarscríbhinn II); agus

(c) critéir cháilíochta agus struchtúr na dtuairiscí cáilíochta a shainiú, de bhun Airteagal 7(4).

*Airteagal 13*

**Maoiniú**

1. Gheobhaidh na Ballstáit ranníocaíocht airgeadais ón gCoimisiún de 70 % ar a mhéid de na costais atá incháilithe faoi rialacha deontais an Choimisiúin.

2. Socrófar suim na ranníocaíochta airgeadais sin mar chuid de nósanna imeachta buiséadacha bliantúla an Aontais Eorpaigh. Cinnfidh an t-údarás buiséid na leithreasuithe a bheidh ar fáil gach bliain.

*Airteagal 14*

**Athbhreithniú agus tuairisciú**

Athbhreithneofar forálacha an Rialacháin seo cúig bliana tar éis an dáta a dtiocfaidh sé i bhfeidhm. Déanfar coigeartú air, más iomchuí, ar bhonn tuarascála agus togra ón gCoimisiún a chuirfear faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle.

*Airteagal 15*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 11 Nollaig 2007.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| H.-G. PÖTTERING | M. LOBO ANTUNES |

*IARSCRÍBHINN I*

**MODHEOLAÍOCHT**

1. LÁMHLEABHAR MODHEOLAÍOCHTA AGUS AN CLÁR OIBRE

1.1. Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit, cuirfidh an Coimisiún (Eurostat) lámhleabhar modheolaíochta ar fáil ina ndéanfar cur síos ar na modhanna a úsáidtear ag na céimeanna éagsúla agus PCCanna á dtiomsú, lena n-áirítear na modhanna chun meastachán a dhéanamh ar an bhfaisnéis bhunúsach atá in easnamh agus ar na paireachtaí atá in easnamh. Déanfar coigeartú ar an lámhleabhar modheolaíochta aon uair a ndéanfar athrú suntasach ar an modheolaíocht. Féadfar modhanna nua a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí, chun costais a laghdú nó chun cuid den ualach a bhaint de sholáthróirí sonraí.

1.2. Faoin 30 Samhain gach bliain agus i gcomhairle leis na Ballstáit, bunóidh an Coimisiún (Eurostat) Clár Oibre bliantúil don bhliain féilire dár gcionn, ina leagfar amach an clár ama do shonraíocht agus do sholáthar na faisnéise bunúsaí a theastóidh i ndáil leis an mbliain sin.

1.3. Cinnfear sa Chlár Oibre bliantúil an fhormáid a bheidh le húsáid ag na Ballstáit agus sonraí á soláthar acu, agus aon ghníomhaíochtaí eile is gá chun ríomh agus foilsiú PCCanna a chur i gcrích.

1.4. Féadfar coigeartú a dhéanamh ar an bhfaisnéis bhunúsach a chuirfear ar fáil de réir phointe 1.2, ach déanfar na torthaí don bhliain tagartha a ríomh ón bhfaisnéis a bheidh ar fáil de réir an chláir ama a shonraítear in Airteagal 9. I gcás nach mbeidh an fhaisnéis iomlán nó nach mbeidh fáil uirthi ar an dáta sin, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) meastachán ar an bhfaisnéis bhunúsach a bheidh in easnamh.

1.5. I gcás ina dteipfidh ar Bhallstát faisnéis bhunúsach iomlán a chur isteach, sonróidh sé an fáth nach bhfuil an fhaisnéis iomlán, cén uair a chuirfidh sé an fhaisnéis iomlán isteach nó, más iomchuí, an fáth nach féidir an fhaisnéis iomlán a sholáthar.

2. FAISNÉIS BHUNÚSACH

2.1. **Ítimí faisnéise bunúsaí**

Chun críche an Rialacháin seo, cuimseoidh an fhaisnéis bhunúsach de bhun Airteagal 2 agus Airteagal 4 agus minicíocht íosta soláthair na sonraí nua na nithe seo a leanas agus cuirfear ar fáil iad mar seo a leanas:

| Faisnéis bhunúsach | Minicíocht íosta |
|---|---|
| Ualuithe caiteachais OTI [1] | Go bliantúil |
| Cíosanna iarbhír agus cíosanna barúlacha [2] | Go bliantúil |
| Luach saothair fostaithe | Go bliantúil |
| Fachtóirí coigeartaithe ama | Go bliantúil |
| Praghsanna earraí agus seirbhísí tomhaltais agus táscairí ionadaíochta a bhaineann leo | 3 bliana [3] |
| Praghsanna earraí trealaimh | 3 bliana |
| Praghsanna tionscadal tógála | 3 bliana |
| Fachtóirí coigeartaithe spáis | 6 bliana |

[1] Beidh na hualuithe seo ag teacht leis an leibhéal is ísle comhiomlán a bheidh ar fáil ó chuntais náisiúnta. Mura mbeidh na mionsonraí is gá ar fáil, féadfaidh an Ballstát na meastacháin is fearr a chur ar fáil do na suímh atá ar iarraidh.

[2] Féadfar an cur chuige cainníochta stoic teaghaise, a ndéantar cur síos air sa lámhleabhar modheolaíochta thuasluaite, a úsáid in áit an chur chuige praghais i gcásanna ina mbeidh cíosanna iarbhír ar iarraidh nó nach mbeidh siad iontaofa ó thaobh staidrimh de de réir Rialachán (CE) Uimh. 1722/2005.

[3] Tagraíonn an mhinicíocht íosta don soláthar sonraí i ndáil le táirge-ghrúpa faoi leith, i dtaca leis an timthriall leanúnach suirbhéanna.

2.2. **An nós imeachta chun faisnéis bhunúsach a fháil**

Tar éis tuairimí na mBallstát a chur san áireamh, cinnfidh an Coimisiún (Eurostat) na foinsí agus na soláthróirí sonraí a bheidh le húsáid i dtaca le gach ceann de na hítimí faisnéise bunúsaí thuasluaite. Má fhaigheann an Coimisiún (Eurostat) faisnéis bhunúsach ó sholáthróir sonraí nach Ballstát é, scaoilfear an soláthróir ó na hoibleagáidí a leagtar amach i bpointí 5.1.4. go 5.1.13.

3. MEÁNPHRAGHSANNA NÁISIÚNTA

3.1. D'ainneoin fhorálacha Airteagal 2(2), féadfar bailiú sonraí a theorannú do shuíomh amháin nó do bhreis agus suíomh amháin laistigh den chríoch eacnamaíoch. Féadfar na sonraí sin a úsáid chun PCCanna a ríomh, ar choinníoll go mbeidh na fachtóirí coigeartaithe spáis iomchuí ag gabháil leo. Bainfear úsáid as na fachtóirí coigeartaithe spáis sin chun sonraí suirbhéanna sna suímh ábhartha a choigeartú do shonraí a bheidh ionadaíoch don mheán náisiúnta.

3.2. Cuirfear fachtóirí coigeartaithe spáis ar fáil ar leibhéal an bhun-cheannteidil. Ní bheidh siad níos sine ná sé bliana tráth thréimhse tagartha an tsuirbhé.

4. MEÁNPHRAGHSANNA BLIANTÚLA

D'ainneoin fhorálacha Airteagal 2(2), féadfar tréimhse shonrach ama a chur de theorainn le bailiúchán sonraí. Féadfar na sonraí sin a úsáid chun PCCanna a ríomh, ar choinníoll go mbeidh na fachtóirí iomchuí coigeartaithe ama ag gabháil leo. Bainfear úsáid as na fachtóirí coigeartaithe ama sin chun na sonraí ó na suirbhéanna i rith na tréimhse sin a choigeartú do shonraí a bheidh ionadaíoch don mheán bliantúil.

5. CÁILÍOCHT

5.1. **Caighdeáin íosta d'fhaisnéis bhunúsach**

5.1.1. Ceapfar liosta na n-ítimí a bheidh le praghsáil ionas go gcuimseofar ann ítimí a n-áiritheoidh a sonraíochtaí an inchomparáideacht idir thíortha.

5.1.2. Ceapfar liosta na n-ítimí a bheidh le praghsáil ionas go mbeidh gach Ballstát in ann ítim ionadaíoch amháin ar a laghad a shonrú, a fhéadfar a phraghsáil i mBallstát amháin eile ar a laghad faoi gach bun-cheannteideal.

5.1.3. Ceapfar an liosta ítimí chun an leibhéal comhionadaíochta is airde is féidir a bhaint amach, ionas go mbeidh ar gach tír ítim ionadaíoch amháin ar a laghad a phraghsáil faoi gach bun-cheannteideal agus go gcaithfidh tír amháin eile ar a laghad an ítim ionadaíoch sin a phraghsáil.

5.1.4. Praghsálfaidh gach Ballstát ítimí de réir na sonraíochtaí atá sa liosta ítimí.

5.1.5. Praghsálfaidh gach Ballstát, faoi gach bun-cheannteideal, líon leordhóthanach ítimí atá ar fáil ar an margadh sa Bhallstát sin, cé go bhféadfadh sé nach measfaí iad a bheith ionadaíoch don bhun-cheannteideal sin.

5.1.6. Soláthróidh gach Ballstát na praghsanna atá ar ítim ionadaíoch amháin ar a laghad, faoi gach bun-cheannteideal. Sonrófar le táscaire ionadaíochta na hítimí ionadaíocha.

5.1.7. Baileoidh gach Ballstát líon dóthanach praghsanna reatha do gach ítim a phraghsálfar chun meánphraghas iontaofa do gach ítim a áirithiú agus struchtúr an mhargaidh sa Bhallstát sin á chur san áireamh.

5.1.8. Roghnófar na cineálacha asraonta ar bhealach a bheidh ceaptha chun léiriú sásúil a thabhairt ar an bpatrún tomhaltais intíre laistigh den Bhallstát de réir na hítime.

5.1.9. Roghnófar na hasraonta i suíomh ar bhealach a bheidh ceaptha chun léiriú sásúil a thabhairt ar phatrún tomhaltais chónaitheoirí an tsuímh agus ar infhaighteacht na n-ítimí.

5.1.10. Cuirfidh gach Ballstát sonraí ar fáil don Choimisiún (Eurostat) i ndáil le luach saothair fostaithe i slite beatha arna roghnú maidir le hearnáil an Rialtais Ghinearálta (S 13) mar a shainmhínítear in CEC 95 í.

5.1.11. Cuirfidh gach Ballstát fachtóirí coigeartaithe ama ar fáil don Choimisiún (Eurostat), a cheadóidh PCCanna a ríomh ó phraghsanna a bhaileofar ag am faoi leith agus a bheidh ina léiriú sásúil ar an meánleibhéal bliantúil praghsanna.

5.1.12. Cuirfidh gach Ballstát ar fáil don Choimisiún (Eurostat) fachtóirí coigeartaithe spáis a cheadóidh PCCanna a ríomh ó phraghsanna a bhaileofar i suímh faoi leith agus a bheidh ina léiriú sásúil ar an meánleibhéal bliantúil praghsanna.

5.1.13. Cuirfidh gach Ballstát ualuithe maidir le gach bun-cheannteideal ar fáil don Choimisiún (Eurostat), mar a shonraítear in Iarscríbhinn II, agus a léireoidh patrún an chaiteachais sa Bhallstát don bhliain tagartha sin.

5.2. **Caighdeáin íosta chun torthaí suirbhé praghsanna a bhailíochtú**

5.2.1. Sula dtarchuirfidh sé na sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat), déanfaidh gach Ballstát athbhreithniú ar bhailíocht na sonraí, bunaithe ar na nithe seo a leanas:

— na praghsanna uasta agus na praghsanna íosta,

— an meánphraghas agus an chomhéifeacht comhathrúcháin,

— líon na n-ítimí a praghsáladh in aghaidh gach bun-cheannteidil,

— líon na n-ítimí ionadaíocha a praghsáladh in aghaidh gach bun-cheannteidil, agus

— líon na bpraghsanna a breathnaíodh in aghaidh na hítime.

5.2.2. Cuirfidh an Coimisiún (Eurostat) uirlis leictreonach ina mbeidh na halgartaim a theastóidh chun críocha phointe 5.2.1 ar fáil do na Ballstáit.

5.2.3. Sula gcuirfidh an Coimisiún (Eurostat) bailchríoch ar thorthaí na suirbhéanna, seiceálfaidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit, go bhfuil siad bailí bunaithe ar tháscairí lena n-áirítear:

I ndáil le gach ceann de na bun-cheannteidil:

— líon na n-ítimí a phraghsáil gach tír,

— líon na n-ítimí ar shann gach tír táscaire ionadaíochta ina leith,

— innéacs leibhéal na bpraghsanna,

— torthaí an tsuirbhé a rinneadh roimhe sin i ndáil leis an mbun-cheannteideal céanna, agus

— innéacsanna leibhéal na bpraghsanna i dtéarmaí PCC do gach tír.

I ndáil le gach ítim:

— líon na bpraghsanna a bhreathnaigh gach tír, agus

— comhéifeachtaí comhathrúcháin na nithe seo a leanas:

(i) na meánphraghsanna in airgeadraí náisiúnta,

(ii) innéacsanna leibhéal na bpraghsanna i dtéarmaí PCC, agus

(iii) innéacsanna leibhéal na bpraghsanna i dtéarmaí PCC do gach tír.

5.2.4. Sula gcuirfidh an Coimisiún (Eurostat) bailchríoch ar thorthaí PCC ag leibhéal an chomhiomlánaithe, seiceálfaidh sé go bhfuil siad bailí bunaithe ar tháscairí, lena n-áirítear:

Ar leibhéal na hOTI iomláine agus ar leibhéal a príomh-chomhiomlán:

— comhsheasmhacht ualuithe caiteachais OTI agus na meastachán ar dhaonra leis na sonraí a foilsíodh,

— comparáid idir na hinnéacsanna toirte per capita i ndáil leis na ríomhanna reatha agus leis na ríomhanna a rinneadh roimhe sin, agus

— comparáid idir na hinnéacsanna leibhéal praghsanna reatha i ndáil leis na ríomhanna reatha agus leis na ríomhanna a rinneadh roimhe sin.

Ar leibhéal gach bun-cheannteidil:

— comparáid idir an mheicníocht trína n-ualaítear an OTI i ndáil leis na ríomhanna reatha agus leis na ríomhanna a rinneadh roimhe sin, agus

— meastacháin ar shonraí a bheidh in easnamh, i gcás ina mbeidh siad ábhartha.

5.3. **Tuairisciú agus Meastóireacht**

5.3.1. Coimeádfaidh gach Ballstát doiciméid ina ndéanfar cur síos iomlán ar an gcaoi ar cuireadh an Rialachán seo chun feidhme. Beidh na doiciméid sin ar fáil don Choimisiún (Eurostat) agus do na Ballstáit eile.

5.3.2. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) measúnú uair gach sé bliana ar a laghad ar phróiseas PCC gach Ballstáit. Déanfaidh na measúnuithe seo, a phleanálfar go bliantúil agus a áireofar sa Chlár Oibre bliantúil, athbhreithniú ar chomhlíonadh an Rialacháin seo. Bunaithe ar na measúnuithe sin, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) tuarascáil, a chuirfear ar fáil go poiblí, lena n-áirítear ar a láithreán gréasáin.

5.3.3. I gcomhréir le hAirteagal 7(3), go gairid tar éis gach suirbhé ar phraghsanna do thomhaltóirí, cuirfidh an Ballstát atá freagrach tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin (Eurostat) ina mbeidh faisnéis faoin gcaoi a ndearnadh an suirbhé. Cuirfidh an Coimisiún (Eurostat) achoimre ar na tuarascálacha sin ar fáil do gach Ballstát.

6. AN NÓS IMEACHTA DON SUIRBHÉ AR PHRAGHSANNA DO THOMHALTÓIRÍ

6.1. Seolfaidh na Ballstáit na suirbhéanna ar phraghsanna de réir an Chláir Oibre.

6.2. Ullmhóidh an Coimisiún (Eurostat) liosta d'ítimí an tsuirbhé do gach suirbhé, bunaithe ar mholtaí a dhéanfaidh gach Ballstát i ndáil le gach bun-cheannteideal.

6.3. Chomh maith le liosta na n-ítimí, soláthróidh an Coimisiún (Eurostat) aistriúchán i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ar na sonraíochtaí uile maidir le gach liosta suirbhé.

7. AN NÓS IMEACHTA UM RÍOMH

7.1. **Paireachtaí déthaobhacha ag leibhéal an bhun-cheannteidil a ríomh**

(a) Bunófar ríomh phaireachtaí iltaobhacha Èltetò-Köves-Szulc (dá ngairfear 'EKS' anseo feasta) ar leibhéal an bhun-cheannteidil ar mhaitrís phaireachtaí déthaobhacha do gach péire tíortha rannpháirteacha.

(b) Ríomhfar na paireachtaí déthaobhacha trí thagairt a dhéanamh do na praghsanna a bhreathnófar do na hítimí bunúsacha agus do na táscairí ionadaíocha a shannfar do na hítimí sin.

(c) Is é meán uimhríochtúil simplí na mbreathnóireachtaí praghsanna a thaifeadfar do gach ítim a bhunófar mar mheánphraghas suirbhé di.

(d) Déanfar an meánphraghas bliantúil náisiúnta a mheas, i gcás inar gá sin, ar bhonn an mheánphraghais suirbhé trí úsáid a bhaint as na fachtóirí coigeartaithe iomchuí spáis agus ama.

(e) Déanfar coibhneasa na meánphraghsanna coigeartaithe a ríomh ina dhiaidh sin, i gcás inar féidir é, d'ítimí agus do phéirí tíortha rannpháirteacha, chomh maith lena n-inbhéarta.

(f) Déanfar PCCanna a ríomh ina dhiaidh sin, i gcás inar féidir é, do na péirí tíortha rannpháirteacha go léir i ndáil leis an mbun-cheannteideal. Déanfar PCCanna a ríomh do gach péire tíortha rannpháirteacha mar mheán ualaithe céimseatúil na meán seo a leanas:

— meán céimseatúil na gcoibhneas praghsanna d'ítimí a shonraítear a bheith ionadaíoch don dá thír,

— meán céimseatúil na gcoibhneas praghsanna d'ítimí a shonraítear a bheith ionadaíoch don chéad tír ach nach sonraítear a bheith ionadaíoch don dara tír,

— meán céimseatúil na gcoibhneas praghsanna ítimí a shonraítear a bheith ionadaíoch don dara tír ach nach sonraítear a bheith ionadaíoch don chéad tír,

agus ualuithe á n-úsáid a léiríonn ionadaíocht choibhneasta na n-ítimí uile a phraghsáil an dá thír.

7.2. **Paireachtaí déthaobhacha atá in easnamh a mheas**

Mura féidir na PCCanna déthaobhacha a ríomh i ndáil le haon cheann de na bun-cheannteidil, déanfar meastachán, i gcás inar féidir, ar na PCCanna déthaobhacha a bheidh in easnamh, trí úsáid a bhaint as an ngnáthnós imeachta chun meánú céimseatúil a dhéanamh ar phaireachtaí indíreacha via tríú tíortha. I gcás ina dtarlóidh sé go mbeidh luachanna fós in easnamh i maitrís PCCanna déthaobhacha do bhun-cheannteideal tar éis an nós imeachta meastacháin sin, ní bheifear in ann paireachtaí iltaobhacha EKS a ríomh do na tíortha a mbeidh na PCCanna déthaobhacha ina leith in easnamh. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) meastachán ina dhiaidh sin ar na paireachtaí EKS sin a bheidh in easnamh, agus úsáid á baint aige as PCCanna tagartha ó bhun-cheannteidil chomhchosúla nó as aon mhodh meastacháin iomchuí eile.

7.3. **Paireachtaí déthaobhacha ag leibhéal an chomhiomlánaithe a ríomh**

(a) Déanfar na paireachtaí déthaobhacha ar leibhéal faoi leith de chomhiomlánú cuntas náisiúnta a ríomh trí phaireachtaí EKS (féach pointe 7.4) agus ualuithe caiteachais an OTI do na bun-cheannteidil bunaidh a úsáid.

(b) Déanfar paireacht de chineál Laspeyres a ríomh ina dhiaidh sin don leibhéal comhiomlánaithe a roghnaítear mar mheán uimhríochtúil na bpaireachtaí do na bun-cheannteidil bunaidh, arna ualú ag na céatadáin choibhneasta (nó ag na luachanna ainmniúla) don dara tír i ngach péire tíortha rannpháirteacha.

(c) Déanfar paireacht de chineál Paasche a ríomh ina dhiaidh sin don leibhéal comhiomlánaithe a roghnaítear mar mheán armónach na bpaireachtaí do na bun-cheannteidil bunaidh, arna ualú ag na céatadáin choibhneasta (nó ag na luachanna ainmniúla) don chéad tír i ngach péire tíortha rannpháirteacha.

(d) Déanfar paireacht de chineál Fisher a ríomh ina dhiaidh sin don leibhéal comhiomlánaithe a roghnaítear mar mheán céimseatúil na bpaireachtaí de chineál Laspeyres agus na bpaireachtaí de chineál Paasche a bhunófar do gach péire tíortha rannpháirteacha.

7.4. **PCCanna iltaobhacha aistreacha a ríomh**

Déanfar paireachtaí aistreacha iltaobhacha a ríomh ar leibhéal an bhun-cheannteidil nó ar aon leibhéal comhiomlánaithe trí úsáid a bhaint as an nós imeachta EKS bunaithe ar mhaitrís iomlán de phaireachtaí de chineál Fisher idir gach péire tíortha rannpháirteacha mar a leanas:

$$ {}_{t}EKS_{s} = \left( \prod_{i=1}^{z} \frac{{}_{t}F_{i}}{{}_{s}F_{i}} \right)^{\frac{1}{z}}, \forall_{t,s} $$

ina seasann *tEKSs* don phaireacht EKS idir tír s agus tír t;

seasann *tFs* don phaireacht de chineál Fisher idir tír s agus tír t;

seasann *z* do líon na dtíortha rannpháirteacha.

8. TARCHUR

8.1. Soláthróidh an Coimisiún (Eurostat) do na Ballstáit na teimpléid do tharchur leictreonach na bunfhaisnéise a theastóidh chun PCCanna a ríomh.

8.2. Cuirfidh na Ballstáit an bhunfhaisnéis ar fáil don Choimisiún (Eurostat) i gcomhréir leis na teimpléid.

9. FOILSIÚ

Chomh maith leis na torthaí dá bhforáiltear in Airteagal 9(2), féadfaidh an Coimisiún (Eurostat) torthaí a fhoilsiú ar leibhéal níos mionsonraithe tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit.

10. CEARTÚCHÁIN

10.1. Nuair a thiocfaidh Ballstát ar bhotún, cuirfidh sé an bhunfhaisnéis chruinn ar fáil don Choimisiún (Eurostat), láithreach agus as a stuaim féin. Chomh maith leis sin, cuirfidh Ballstát an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas i gcás ina mbeidh amhras ann go bhfuil an nós imeachta um ríomh á chur i bhfeidhm ar bhealach míchuí.

10.2. Nuair a bheidh an Coimisiún (Eurostat) ar an eolas maidir le botún a rinne Ballstát nó a rinne an Coimisiún (Eurostat), cuirfidh sé na Ballstáit ar an eolas agus déanfaidh sé na PCCanna a athríomh laistigh de mhí amháin.

10.3. Má bhíonn athrú de 0,5 pointe céatadáin ar a laghad ar leibhéal OTI per capita i CCC aon Bhallstáit de bharr na mbotún ar thángthas orthu, foilseoidh an Coimisiún (Eurostat) ceartúchán a luaithe is féidir, mura dtiocfar ar na botúin sin breis agus trí mhí tar éis fhoilsiú na dtorthaí.

10.4. I gcás ina ndearnadh botún, gníomhóidh an comhlacht atá freagrach chun a áirithiú nach dtarlóidh a leithéid arís.

10.5. Ní chaithfear torthaí PCCanna a cheartú de bharr athbhreithnithe a dhéanfar breis agus 33 mí tar éis dheireadh na bliana tagartha ar ualuithe caiteachais OTI nó ar mheastacháin ar dhaonra.

*IARSCRÍBHINN II*

**Bun-cheannteidil a shainmhínítear in Airteagal 3 (e)**

| BC Uimh. | Tuairisc |
|---|---|
| | **COSTAS TOMHALTAIS AONAIR DE RÉIR TEAGHLACH** |
| | BIA AGUS DEOCHANNA NEAMH-MHEISCIÚLA |
| | Bia |
| | Arán agus gránaigh [COICOP 01.1.1] |
| 1 | Rís |
| 2 | Gránaigh eile, plúr agus táirgí gránach eile |
| 3 | Arán |
| 4 | Táirgí bácúis eile |
| 5 | Táirgí pasta |
| | Feoil [COICOP 01.1.2] |
| 6 | Mairteoil agus laofheoil |
| 7 | Muiceoil |
| 8 | Uaineoil, caoireoil agus feoil ghabhair |
| 9 | Éineoil |
| 10 | Feoil eile agus scairteach inite eile |
| 11 | Ullmhóidí feola delicatessen agus ullmhóidí feola eile |
| | Iasc agus bia mara [COICOP 01.1.3] |
| 12 | Iasc agus bia mara úr, fuaraithe nó reoite |
| 13 | Iasc agus bia mara leasaithe nó próiseáilte |
| | Bainne, cáis agus uibheacha [COICOP 01.1.4] |
| 14 | Bainne úr |
| 15 | Bainne leasaithe agus táirgí bainne eile |
| 16 | Cáis |
| 17 | Uibheacha agus táirgí ubh-bhunacha |
| | Olaí agus saillte [COICOP 01.1.5] |
| 18 | Im |
| 19 | Margairín |
| 20 | Olaí agus saillte inite eile |
| | Torthaí [COICOP 01.1.6] |
| 21 | Torthaí úra nó fuaraithe |
| 22 | Torthaí agus táirgí toradh-bhunacha reoite, leasaithe nó próiseáilte |
| | Glasraí [COICOP 01.1.7] |
| 23 | Glasraí úra nó fuaraithe seachas prátaí |
| 24 | Prátaí úra nó fuaraithe |
| 25 | Glasraí agus táirgí glasra-bhunacha reoite, leasaithe nó próiseáilte |
| | Siúcra, subh, mil, seacláid agus milseogra [COICOP 01.1.8] |
| 26 | Siúcra |
| 27 | Subha, marmaláidí agus mil |

| BC Uimh. | Tuairisc |
|---|---|
| 28 | Milseogra, seacláid agus ullmhóidí cócó eile |
| 29 | Oighear inite, uachtar reoite agus soirbéad |
| | Táirgí bia g.a.e. [COICOP 01.1.9] |
| 30 | Táirgí bia g.a.e. |
| | Deochanna neamh-mheisciúla |
| | Caife, tae agus cócó [COICOP 01.2.1] |
| 31 | Caife, tae agus cócó |
| | Uisce mianraí, deochanna boga, súnna torthaí agus súnna glasraí [COICOP 01.2.2] |
| 32 | Uisce mianraí |
| 33 | Deochanna boga agus dlútháin |
| 34 | Súnna torthaí agus súnna glasraí |
| | DEOCHANNA MEISCIÚLA, TOBAC AGUS TÁMHSHUANAIGH |
| | Deochanna meisciúla |
| | Biotáillí [COICOP 02.1.1] |
| 35 | Biotáillí |
| | Fíon [COICOP 02.1.2] |
| 36 | Fíon |
| | Beoir [COICOP 02.1.3] |
| 37 | Beoir |
| | Tobac |
| | Tobac [COICOP 02.2.0] |
| 38 | Tobac |
| | Támhshuanaigh |
| | Támhshuanaigh [COICOP 02.3.0] |
| 39 | Támhshuanaigh |
| | ÉADAÍ AGUS COISBHEART |
| | Éadaí |
| | Ábhair éadaigh [COICOP 03.1.1] |
| 40 | Ábhair éadaigh |
| | Baill éadaigh [COICOP 03.1.2] |
| 41 | Éadaí fear |
| 42 | Éadaí ban |
| 43 | Éadaí leanaí agus naíonán |
| | Baill éadaigh eile agus gabhálais éadaigh eile [COICOP 03.1.3] |
| 44 | Baill éadaigh eile agus gabhálais éadaigh eile |
| | Glanadh, cóiriú agus fruiliú éadaigh [COICOP 03.1.4] |
| 45 | Glanadh, cóiriú agus fruiliú éadaigh |
| | Coisbheart |
| | Bróga agus coisbheart eile [COICOP 03.2.1] |
| 46 | Coisbheart fear |
| 47 | Coisbheart ban |
| 48 | Coisbheart leanaí agus naíonán |

| BC Uimh. | Tuairisc |
|---|---|
| | Deisiú agus fruiliú coisbhirt [COIPOP 03.2.2] |
| 49 | Deisiú agus fruiliú coisbhirt |
| | TITHÍOCHT, UISCE, LEICTREACHAS, GÁS AGUS BREOSLAÍ EILE |
| | Cíosanna iarbhír tithíochta |
| | Cíosanna iarbhír tithíochta [COICOP 04.1.1 agus 04.1.2] |
| 50 | Cíosanna iarbhír tithíochta |
| | Cíosanna barúlacha tithíochta |
| | Cíosanna barúlacha tithíochta [COICOP 04.2.1 agus 04.2.2] |
| 51 | Cíosanna barúlacha tithíochta |
| | Cothabháil agus deisiú na teaghaise |
| | Ábhair chothabhála agus ábhair dheisiúcháin na teaghaise [COICOP 04.3.1] |
| 52 | Ábhair chothabhála agus ábhair dheisiúcháin na teaghaise |
| | Seirbhísí cothabhála agus seirbhísí deisiúcháin na teaghaise [COICOP 04.3.2] |
| 53 | Seirbhísí cothabhála agus seirbhísí deisiúcháin na teaghaise |
| | Soláthar uisce agus seirbhísí ilghnéitheacha a bhaineann leis an teaghais |
| | Soláthar uisce [COICOP 04.4.1] |
| 54 | Soláthar uisce |
| | Seirbhísí ilghnéitheacha a bhaineann leis an teaghais [COICOP 04.4.2, 04.4.3 agus 04.4.4] |
| 55 | Seirbhísí ilghnéitheacha a bhaineann leis an teaghais |
| | Leictreachas, gás agus breoslaí eile |
| | Leictreachas [COICOP 04.5.1] |
| 56 | Leictreachas |
| | Gás [COICOP 04.5.2] |
| 57 | Gás |
| | Breoslaí leachtacha [COICOP 04.5.3] |
| 58 | Breoslaí leachtacha |
| | Breoslaí soladacha [COICOP 04.5.4] |
| 59 | Breoslaí soladacha |
| | Fuinneamh teasa [COICOP 04.5.5] |
| 60 | Fuinneamh teasa |
| | FEARASTUITHE TÍ, TREALAMH TÍ AGUS GNÁTHCHOTHABHÁIL TÍ |
| | Troscán agus fearastuithe, cairpéid agus clúdaigh urláir eile |
| | Troscán agus fearastuithe [COICOP 05.1.1] |
| 61 | Troscán cistine |
| 62 | Troscán seomraí leapa |
| 63 | Troscán seomraí suí agus seomraí bia |
| 64 | Troscán eile agus fearastú eile |
| | Cairpéid agus clúdaigh urláir eile [COICOP 05.1.2] |
| 65 | Cairpéid agus clúdaigh urláir eile |
| | Deisiúchán troscáin, fearastuithe agus clúdach urláir [COICOP 05.1.3] |
| 66 | Deisiúchán troscáin, fearastuithe agus clúdach urláir |

| BC Uimh. | Tuairisc |
|---|---|
| | Teicstílí tí |
| | Teicstílí tí [COICOP 05.2.0] |
| 67 | Teicstílí tí |
| | Fearais tí |
| | Mórfhearais tí idir leictreach agus eile [COICOP 05.3.1] |
| 68 | Mórfhearais tí idir leictreach agus eile |
| | Mionfhearais leictreacha tí [COICOP 05.3.2] |
| 69 | Mionfhearais leictreacha tí |
| | Deisiúchán fearas tí [COICOP 05.3.3] |
| 70 | Deisiúchán fearas tí |
| | Earraí gloine, earraí boird agus acraí tí |
| | Earraí gloine, earraí boird agus acraí tí [COICOP 05.4.0] |
| 71 | Earraí gloine, earraí boird agus acraí tí |
| | Uirlisí agus trealamh tí agus gairdín |
| | Móruirlisí agus mórthrealamh [COICOP 05.5.1] |
| 72 | Móruirlisí agus mórthrealamh |
| | Mionuirlisí agus ilghabhálais [COICOP 05.5.2] |
| 73 | Mionuirlisí agus ilghabhálais |
| | Earraí agus seirbhísí gnáthchothabhála tí |
| | Earraí neamh-mharthanacha tí [COICOP 05.6.1] |
| 74 | Earraí neamh-mharthanacha tí |
| | Seirbhísí tís agus seirbhísí tí [COICOP 05.6.2] |
| 75 | Seirbhísí tís |
| 76 | Seirbhísí tí |
| | SLÁINTE |
| | Táirgí, fearais agus trealamh leighis |
| | Táirgí cógaisíochta [COICOP 06.1.1] |
| 77 | Táirgí cógaisíochta |
| | Táirgí eile leighis [COICOP 06.1.2] |
| 78 | Táirgí eile leighis |
| | Fearais agus trealamh teiripe [COICOP 06.1.3] |
| 79 | Fearais agus trealamh teiripe |
| | Seirbhísí d'othair sheachtracha |
| | Seirbhísí Leighis [COICOP 06.2.1] |
| 80 | Seirbhísí Leighis |
| | Seirbhísí déidliachta [COICOP 06.2.2] |
| 81 | Seirbhísí déidliachta |
| | Seirbhísí paraimhíochaine [COICOP 06.2.3] |
| 82 | Seirbhísí paraimhíochaine |
| | Seirbhísí ospidéil |
| | Seirbhísí ospidéil [COICOP 06.3.0] |
| 83 | Seirbhísí ospidéil |

| BC Uimh. | Tuairisc |
|---|---|
| | IOMPAR |
| | Ceannach feithiclí |
| | Gluaisteáin [COICOP 07.1.1] |
| 84 | Gluaisteáin a bhfuil inneall díosail iontu |
| 85 | Gluaisteáin a bhfuil inneall peitril iontu ar lú a thoilleadh ciúbach ná 1 200cc |
| 86 | Gluaisteáin a bhfuil inneall peitril iontu arb idir 1 200cc agus 1 699cc a thoilleadh ciúbach |
| 87 | Gluaisteáin a bhfuil inneall peitril iontu arb idir 1 700cc agus 2 999cc a thoilleadh ciúbach |
| 88 | Gluaisteáin a bhfuil inneall peitril iontu arb 3 000cc nó os a chionn a thoilleadh ciúbach |
| | Gluaisrothair [COICOP 07.1.2] |
| 89 | Gluaisrothair |
| | Rothair [COICOP 07.1.3] |
| 90 | Rothair |
| | Feithiclí ainmhí-tharraingthe [COICOP 07.1.4] |
| 91 | Feithiclí ainmhí-tharraingthe |
| | Oibriú trealaimh iompair phearsanta |
| | Páirteanna breise agus ilghabhálais do threalamh iompair phearsanta [COICOP 07.2.1] |
| 92 | Páirteanna breise agus ilghabhálais do threalamh iompair phearsanta |
| | Breoslaí agus bealaí do threalamh iompair phearsanta [COICOP 07.2.2] |
| 93 | Breoslaí agus bealaí do threalamh iompair phearsanta |
| | Cothabháil agus deisiúchán trealaimh iompair phearsanta [COICOP 07.2.3] |
| 94 | Cothabháil agus deisiúchán trealaimh iompair phearsanta |
| | Seirbhísí eile a bhaineann le trealamh iompair phearsanta [COICOP 07.2.4] |
| 95 | Seirbhísí eile a bhaineann le trealamh iompair phearsanta |
| | Seirbhísí iompair |
| | Iompar paisinéirí d'iarnród [COICOP 07.3.1] |
| 96 | Iompar paisinéirí d'iarnród |
| | Iompar paisinéirí de bhóthar [COICOP 07.3.2] |
| 97 | Iompar paisinéirí de bhóthar |
| | Aeriompar paisinéirí [COICOP 07.3.3] |
| 98 | Aeriompar paisinéirí |
| | Iompar paisinéirí ar muir agus ar uiscebhealaí intíre [COICOP 07.3.4] |
| 99 | Iompar paisinéirí ar muir agus ar uiscebhealaí intíre |
| | Comhiompar paisinéirí [COICOP 07.3.5] |
| 100 | Comhiompar paisinéirí |
| | Seirbhísí iompair eile a cheannaítear [COICOP 07.3.6] |
| 101 | Seirbhísí iompair eile a cheannaítear |
| | CUMARSÁID |
| | Seirbhísí poist |
| | Seirbhísí poist [COICOP 08.1.0] |
| 102 | Seirbhísí poist |
| | Trealamh teileafóin agus facs |
| | Trealamh teileafóin agus facs [COICOP 08.2.0] |
| 103 | Trealamh teileafóin agus facs |

| BC Uimh. | Tuairisc |
|---|---|
| | Seirbhísí teileafóin agus facs |
| | Seirbhísí teileafóin agus facs [COICOP 08.3.0] |
| 104 | Seirbhísí teileafóin agus facs |
| | ÁINEAS AGUS CULTÚR |
| | Trealamh closamhairc, grianghrafadóireachta agus próiseála faisnéise |
| | Trealamh glactha, taifeadta agus atáirgthe fuaime agus pictiúr [COICOP 09.1.1] |
| 105 | Trealamh glactha, taifeadta agus atáirgthe fuaime agus pictiúr |
| | Trealamh grianghrafadóireachta agus cineamatagrafach agus uirlisí optúla [COICOP 09.1.2] |
| 106 | Trealamh grianghrafadóireachta agus cineamatagrafach agus uirlisí optúla |
| | Trealamh próiseála faisnéise [COICOP 09.1.3] |
| 107 | Trealamh próiseála faisnéise |
| | Meáin taifeadta [COICOP 09.1.4] |
| 108 | Meáin taifeadta réamhthaifeadta |
| 109 | Meáin taifeadta neamhthaifeadta |
| | Deisiúchán trealaimh chlosamhairc, ghrianghrafadóireachta agus phróiseála faisnéise [COICOP 09.1.5] |
| 110 | Deisiúchán trealaimh chlosamhairc, ghrianghrafadóireachta agus phróiseála faisnéise |
| | Mórearraí marthanacha eile áineasa agus cultúir |
| | Mórearraí marthanacha eile áineasa faoin aer [COICOP 09.2.1] |
| 111 | Mórearraí marthanacha áineasa faoin aer |
| | Uirlisí ceoil agus mórearraí marthanacha áineasa faoi dhíon [COICOP 09.2.2] |
| 112 | Uirlisí ceoil agus mórearraí marthanacha áineasa faoi dhíon |
| | Cothabháil agus deisiúchán mórearraí marthanacha eile áineasa agus cultúir [COICOP 09.2.3] |
| 113 | Cothabháil agus deisiúchán mórearraí marthanacha eile áineasa agus cultúir |
| | Ítimí agus trealamh eile áineasa, gairdíní agus peataí |
| | Cluichí, bréagáin agus sainchaitheamh aimsire [COICOP 09.3.1] |
| 114 | Cluichí, bréagáin agus sainchaitheamh aimsire |
| | Trealamh spóirt, campála agus áineasa faoin aer [COICOP 09.3.2] |
| 115 | Trealamh spóirt, campála agus áineasa faoin aer |
| | Gairdíní, plandaí agus bláthanna [COICOP 09.3.3] |
| 116 | Gairdíní, plandaí agus bláthanna |
| | Peataí agus táirgí a bhaineann leo [COICOP 09.3.4] |
| 117 | Peataí agus táirgí a bhaineann leo |
| | Seirbhísí tréidliachta agus seirbhísí eile do pheataí [COICOP 09.3.5] |
| 118 | Seirbhísí tréidliachta agus seirbhísí eile do pheataí |
| | Seirbhísí áineasa agus cultúrtha |
| | Seirbhísí áineasa agus spóirt [COICOP 09.4.1] |
| 119 | Seirbhísí áineasa agus spóirt |
| | Seirbhísí cultúrtha [COICOP 09.4.2] |
| 120 | Seirbhísí grianghrafadóireachta |
| 121 | Seirbhísí cultúrtha eile |
| | Cluichí seansúlachta [COICOP 09.4.3] |
| 122 | Cluichí seansúlachta |

| BC Uimh. | Tuairisc |
|---|---|
| | Nuachtáin, leabhair agus stáiseanóireacht |
| | Leabhair [COICOP 09.5.1] |
| 123 | Leabhair |
| | Nuachtáin agus tréimhseacháin [COICOP 09.5.2] |
| 124 | Nuachtáin agus tréimhseacháin |
| | Ábhar clóite ilghnéitheach, stáiseanóireacht agus ábhair líníochta [COICOP 09.5.3 agus 09.5.4] |
| 125 | Ábhar clóite ilghnéitheach, stáiseanóireacht agus ábhair líníochta |
| | Saoire láneagraithe |
| | Saoire láneagraithe [COICOP 09.6.0] |
| 126 | Saoire láneagraithe |
| | OIDEACHAS |
| | Oideachas réamhscoile agus bunscoile |
| | Oideachas réamhscoile agus bunscoile [COICOP 10.1.0] |
| 127 | Oideachas réamhscoile agus bunscoile |
| | Oideachas meánscoile |
| | Oideachas meánscoile [COICOP 10.2.0] |
| 128 | Oideachas meánscoile |
| | Oideachas iar-bhunscoile neamhthreasach |
| | Oideachas iar-bhunscoile neamhthreasach [COICOP 10.3.0] |
| 129 | Oideachas iar-bhunscoile neamhthreasach |
| | Oideachas treasach |
| | Oideachas treasach [COICOP 10.4.0] |
| 130 | Oideachas treasach |
| | Oideachas nach féidir a shainmhíniú de réir leibhéil |
| | Oideachas nach féidir a shainmhíniú de réir leibhéil [COICOP 10.5.0] |
| 131 | Oideachas nach féidir a shainmhíniú de réir leibhéil |
| | BIALANNA AGUS ÓSTÁIN |
| | Seirbhísí lónadóireachta |
| | Bialanna, caiféanna agus a leithéid [COICOP 11.1.1] |
| 132 | Seirbhísí bialainne de gach cineál |
| 133 | Tábhairní, beáir, caiféanna, seomraí tae agus a leithéid |
| | Ceaintíní [COICOP 11.1.2] |
| 134 | Ceaintíní |
| | Seirbhísí cóiríochta |
| | Seirbhísí cóiríochta [COICOP 11.2.0] |
| 135 | Seirbhísí cóiríochta |
| | EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ ILGHNÉITHEACHA |
| | Cúram pearsanta |
| | Gruaigeadóirí agus bunaíochtaí grúmaeireachta pearsanta [COICOP 12.1.1] |
| 136 | Gruaigeadóirí agus bunaíochtaí grúmaeireachta pearsanta |
| | Fearais leictreacha le haghaidh cúraim phearsanta [COICOP 12.1.2] |
| 137 | Fearais leictreacha le haghaidh cúraim phearsanta |

| BC Uimh. | Tuairisc |
|---|---|
| | Fearais, earraí agus táirgí eile le haghaidh cúraim phearsanta [COICOP 12.1.3] |
| 138 | Fearais, earraí agus táirgí eile le haghaidh cúraim phearsanta |
| | Striapachas |
| | Striapachas [COICOP 12.2.0] |
| 139 | Striapachas |
| | Earraí pearsanta g.a.e. |
| | Seodra, cloig agus uaireadóirí [COICOP 12.3.1] |
| 140 | Seodra, cloig agus uaireadóirí |
| | Earraí pearsanta eile [COICOP 12.3.2] |
| 141 | Earraí pearsanta eile |
| | Cosaint shóisialta |
| | Cosaint shóisialta [COICOP 12.4.0] |
| 142 | Cosaint shóisialta |
| | Árachas |
| | Árachas [COICOP 12.5.1, 12.5.2, 12.5.3, 12.5.4 agus 12.5.5] |
| 143 | Árachas |
| | Seirbhísí airgeadais g.a.e. |
| | SIATI [COICOP 12.6.1] |
| 144 | SIATI |
| | Seirbhísí airgeadais eile g.a.e. [COICOP 12.6.2] |
| 145 | Seirbhísí airgeadais eile g.a.e. |
| | Seirbhísí eile g.a.e. |
| | Seirbhísí eile g.a.e. [COICOP 12.7.0] |
| 146 | Seirbhísí eile g.a.e. |
| | COMHARDÚ CAITEACHAIS CÓNAITHEOIRÍ THAR LEAR AGUS CAITEACHAIS NEAMHCHÓNAITHEOIRÍ SA CHRÍOCH EACNAMAÍOCH |
| | Caiteachas tomhaltais deiridh teaghlach cónaitheach sa chuid eile den domhan |
| | Caiteachas tomhaltais deiridh teaghlach cónaitheach sa chuid eile den domhan |
| 147 | Caiteachas tomhaltais deiridh teaghlach cónaitheach sa chuid eile den domhan |
| | Caiteachas tomhaltais deiridh de chuid na dteaghlach neamhchónaitheach sa chríoch eacnamaíoch |
| | Caiteachas tomhaltais deiridh de chuid na dteaghlach neamhchónaitheach sa chríoch eacnamaíoch |
| 148 | Caiteachas tomhaltais deiridh de chuid na dteaghlach neamhchónaitheach sa chríoch eacnamaíoch |
| | **CAITEACHAS TOMHALTAIS AONAIR DE RÉIR FORAS NEAMHBHRABÚIS A BHÍONN AG FREASTAL AR THEAGHLAIGH** |
| | TITHÍOCHT |
| | Tithíocht |
| | Tithíocht [COPNI 01.0.0] |
| 149 | Tithíocht |
| | SLÁINTE |
| | Sláinte |
| | Sláinte [COPNI 02.1.1 go 02.6.0] |
| 150 | Sláinte |

| BC Uimh. | Tuairisc |
|---|---|
| | ÁINEAS AGUS CULTÚR |
| | Áineas agus cultúr |
| | Áineas agus cultúr [COPNI 03.1.0 agus 03.2.0] |
| 151 | Áineas agus cultúr |
| | OIDEACHAS |
| | Oideachas |
| | Oideachas [COPNI 04.1.0 go 04.7.0] |
| 152 | Oideachas |
| | COSAINT SHÓISIALTA |
| | Cosaint shóisialta |
| | Cosaint shóisialta [COPNI 05.1.0 agus 05.2.0] |
| 153 | Cosaint shóisialta |
| | SEIRBHÍSÍ EILE |
| | Seirbhísí eile |
| | Seirbhísí eile [COPNI 06.0.0 go 09.2.0] |
| 154 | Seirbhísí eile |
| | **CAITEACHAS TOMHALTAIS AONAIR DE RÉIR RIALTAIS** |
| | TITHÍOCHT |
| | Tithíocht |
| | Tithíocht |
| 155 | Tithíocht |
| | SLÁINTE |
| | Sochair agus aisíocaíochtaí sláinte |
| | Táirgí, fearais agus trealamh leighis |
| 156 | Táirgí cógaisíochta |
| 157 | Táirgí eile leighis |
| 158 | Fearais agus trealamh teiripe |
| | Seirbhísí sláinte |
| 159 | Seirbhísí d'othair sheachtracha |
| 160 | Seirbhísí déidliachta d'othair sheachtracha |
| 161 | Seirbhísí paraimhíochaine d'othair sheachtracha |
| 162 | Seirbhísí ospidéil |
| | Táirgeadh seirbhísí sláinte |
| | Luach saothair fostaithe |
| 163 | Lianna |
| 164 | Banaltraí agus foireann eile leighis |
| 165 | Foireann neamhliachta |
| | Tomhaltas idirmheánach |
| 166 | Táirgí cógaisíochta |
| 167 | Earraí eile leighis |
| 168 | Fearais agus trealamh teiripe |
| 169 | Tomhaltas idirmheánach g.a.e. |

| BC Uimh. | Tuairisc |
|---|---|
| | Ollbharrachas oibriúcháin |
| 170 | Ollbharrachas oibriúcháin |
| | Cánacha glana ar a dtáirgtear |
| 171 | Cánacha glana ar a dtáirgtear |
| | Fáltais ó dhíolacháin |
| 172 | Fáltais ó dhíolacháin |
| | ÁINEAS AGUS CULTÚR |
| | Áineas agus cultúr |
| | Áineas agus cultúr |
| 173 | Áineas agus cultúr |
| | OIDEACHAS |
| | Sochair agus aisíocaíochtaí oideachais |
| | Sochair agus aisíocaíochtaí oideachais |
| 174 | Sochair agus aisíocaíochtaí oideachais |
| | Táirgeadh seirbhísí oideachais |
| | Luach saothair fostaithe |
| 175 | Oideachas réamhscoile agus bunscoile |
| 176 | Oideachas meánscoile |
| 177 | Oideachas iar-bhunscoile neamhthreasach |
| 178 | Oideachas treasach |
| | Tomhaltas idirmheánach |
| 179 | Tomhaltas idirmheánach |
| | Ollbharrachas oibriúcháin |
| 180 | Ollbharrachas oibriúcháin |
| | Cánacha glana ar a dtáirgtear |
| 181 | Cánacha glana ar a dtáirgtear |
| | Fáltais ó dhíolacháin |
| 182 | Fáltais ó dhíolacháin |
| | COSAINT SHÓISIALTA |
| | Cosaint shóisialta |
| | Cosaint shóisialta |
| 183 | Cosaint shóisialta |
| | **CAITEACHAS TOMHALTAIS CHOMHCHOITINN DE RÉIR RIALTAIS** |
| | SEIRBHÍSÍ COMHCHOITEANNA |
| | Seirbhísí comhchoiteanna |
| | Luach saothair fostaithe |
| 184 | Luach saothair fostaithe (seirbhísí comhchoiteanna a bhaineann le cosaint) |
| 185 | Luach saothair fostaithe (seirbhísí comhchoiteanna seachas cosaint) |
| | Tomhaltas idirmheánach |
| 186 | Tomhaltas idirmheánach (seirbhísí comhchoiteanna a bhaineann le cosaint) |
| 187 | Tomhaltas idirmheánach (seirbhísí comhchoiteanna seachas cosaint) |
| | Ollbharrachas oibriúcháin |
| 188 | Ollbharrachas oibriúcháin |

| BC Uimh. | Tuairisc |
|---|---|
| | Cánacha glana ar a dtáirgtear |
| 189 | Cánacha glana ar a dtáirgtear |
| | Fáltais ó dhíolacháin |
| 190 | Fáltais ó dhíolacháin |
| | **CAITEACHAS AR OLLFHOIRMIÚ CAIPITIL SHEASTA** |
| | INNEALRA AGUS TREALAMH |
| | Táirgí agus trealamh miotail |
| | Táirgí déanta as miotal, seachas innealra agus trealamh [CPA 28.11 go 28.75] |
| 191 | Táirgí déanta as miotal, seachas innealra agus trealamh |
| | Innealra ilfhóinteach [CPA 29.11 go 29.24] |
| 192 | Innill agus tuirbíní, caidéil agus comhbhrúiteoirí |
| 193 | Innealra ilfhóinteach eile |
| | Innealra sainchuspóireach [CPA 29.31 go 29.72] |
| 194 | Innealra talmhaíochta agus foraoiseachta |
| 195 | Uirlisí meaisín |
| 196 | Innealra miotalóireachta, mianadóireachta, cairéalachta agus tógála |
| 197 | Innealra próiseála bia, deochanna agus tobac |
| 198 | Innealra táirgthe teicstíle, corpbhirt agus leathair |
| 199 | Innealra eile sainchuspóireach |
| | Trealamh leictreach agus optúil [CPA 30.01 go 33.50] |
| 200 | Innealra oifige |
| 201 | Ríomhairí agus trealamh próiseála faisnéise eile |
| 202 | Innealra agus gléasra leictreach |
| 203 | Trealamh agus gléasra raidió, teilifíse agus cumarsáide |
| 204 | Uirlisí leighis, uirlisí beachta agus uirlisí optúla, uaireadóirí agus cloig |
| | Earraí monaraithe eile g.a.e. [CPA 36.11 go 36.63] |
| 205 | Earraí monaraithe eile g.a.e. |
| | Trealamh iompair |
| | Trealamh iompair de bhóthar [CPA 34.10 go 34.30 agus 35.41 go 35.50] |
| 206 | Mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí |
| 207 | Iompar eile de bhóthar |
| | Trealamh eile iompair [CPA 35.11 go 35.30] |
| 208 | Longa, báid, galtáin, tugaí, ardáin snámha, rigí |
| 209 | Innill féinghluaiste agus rothstoc |
| 210 | Aerárthaí, héileacaptair agus trealamh aerloingseoireachta eile |
| | FOIRGNÍOCHT |
| | Foirgnimh cónaithe |
| | Foirgnimh aon teaghaise amháin agus foirgnimh dhá theaghais [CPA rannán 45] |
| 211 | Foirgnimh aon teaghaise amháin nó foirgnimh dhá theaghais |
| | Foirgnimh ilteaghaise [CPA rannán 45] |
| 212 | Foirgnimh ilteaghaise |

| BC Uimh. | Tuairisc |
|---|---|
| | Foirgnimh neamhchónaithe |
| | Foirgnimh talmhaíochta [CPA rannán 45] |
| 213 | Foirgnimh talmhaíochta |
| | Foirgnimh agus stórais thionsclaíocha [CPA rannán 45] |
| 214 | Foirgnimh agus stórais thionsclaíocha |
| | Foirgnimh tráchtála [CPA rannán 45] |
| 215 | Foirgnimh tráchtála |
| | Foirgnimh eile neamhchónaithe [CPA rannán 45] |
| 216 | Foirgnimh eile neamhchónaithe |
| | Oibreacha innealtóireachta sibhialta |
| | Bonneagar iompair [CPA rannán 45] |
| 217 | Bonneagar iompair |
| | Píblínte, línte cumarsáide agus línte cumhachta [CPA rannán 45] |
| 218 | Píblínte, línte cumarsáide agus línte cumhachta |
| | Oibreacha innealtóireachta sibhialta eile [CPA rannán 45] |
| 219 | Oibreacha innealtóireachta sibhialta eile |
| | TÁIRGÍ EILE |
| | Táirgí eile |
| | Táirgí talmhaíochta, foraoiseachta, iascaigh agus dobharshaothraithe [CPA rannáin 01, 02 agus 05] |
| 220 | Táirgí talmhaíochta, foraoiseachta, iascaigh agus dobharshaothraithe |
| | Bogearraí [CPA 72.20] |
| 221 | Bogearraí |
| | Táirgí eile g.a.e. [CPA g.a.e.] |
| 222 | Táirgí eile g.a.e. |
| | **ATHRUITHE I bhFARDAIL AGUS I gCEANNACHÁIN LÚIDE DIÚSCAIRTÍ EARRAÍ LUACHMHARA** |
| | ATHRUITHE I bhFARDAIL |
| | Athruithe i bhfardail |
| | Athruithe i bhfardail |
| 223 | Athruithe i bhfardail |
| | FÁLTAIS LÚIDE DIÚSCAIRTÍ EARRAÍ LUACHMHARA |
| | Fáltais lúide diúscairtí earraí luachmhara |
| | Fáltais lúide diúscairtí earraí luachmhara |
| 224 | Fáltais lúide diúscairtí earraí luachmhara |
| | **COMHARDÚ ONNMHAIRÍ AGUS ALLMHAIRÍ** |
| | ONNMHAIRIÚ EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ |
| | Onnmhairiú earraí |
| | Onnmhairiú earraí chuig an AE agus chuig institiúidí an AE |
| 225 | Onnmhairiú earraí chuig tíortha an AE |
| 226 | Onnmhairiú earraí chuig institiúidí an AE |
| | Onnmhairiú earraí chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta |
| 227 | Onnmhairiú earraí chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta |

| BC Uimh. | Tuairisc |
|---|---|
| | Onnmhairiú seirbhísí |
| | Onnmhairiú seirbhísí chuig an AE agus chuig institiúidí an AE |
| 228 | Onnmhairiú seirbhísí chuig tíortha an AE |
| 229 | Onnmhairiú seirbhísí chuig institiúidí an AE |
| | Onnmhairiú seirbhísí chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta |
| 230 | Onnmhairiú seirbhísí chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta |
| | ALLMHAIRIÚ EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ |
| | Allmhairiú earraí |
| | Allmhairiú earraí ón AE agus ó institiúidí an AE |
| 231 | Allmhairiú earraí ó thíortha an AE |
| 232 | Allmhairiú earraí ó institiúidí an AE |
| | Allmhairiú earraí ó thríú tíortha agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta |
| 233 | Allmhairiú earraí ó thríú tíortha agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta |
| | Allmhairiú seirbhísí |
| | Allmhairiú seirbhísí ón AE agus ó institiúidí an AE |
| 234 | Allmhairiú seirbhísí ó thíortha an AE |
| 235 | Allmhairiú seirbhísí ó institiúidí an AE |
| | Allmhairiú seirbhísí ó thríú tíortha agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta |
| 236 | Allmhairiú seirbhísí ó thríú tíortha agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta |